Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en, it)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0147(COD)**

**13942/1/23
REV 1 ADD 1**

**ECOFIN 983
CYBER 236
CONSOM 350
MI 832
COMPET 964
EF 298
DIGIT 209
CODEC 1802**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

## Ráiteas ón Iodáil

Deimhníonn an Iodáil go dtacaíonn sí leis an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an dréacht-Treoir lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE, rud a léirítear i dtoradh na vótála i bParlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2023.

Cé nach bhfuilimid baileach sásta leis na rialacha uile dá bhforáiltear sa dréacht-Treoir, measaimid gur téacs reachtach atá ciallmhar cothrom ar an iomlán é.

Mar sin féin, iarraimid ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit le linn phróiseas an trasuí d'fhonn tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag an gcéim sin. Beidh éifeachtacht na rialacha nua ag brath ar iad a bheith á gcur i bhfeidhm go cuí, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, féadfar glacadh cur chuige aonfhoirmeach a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin arbatráiste neamhbheartaithe rialála a sheachaint a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a ilroinnt. Go deimhin, ba mhaith linn a chur in iúl gurb é príomhchuspóir eile an togra reachtaigh seo, sa bhreis ar mhuinín sna margaí airgeadais a neartú trí thomhaltóirí a chosaint ar na rioscaí a bhaineann leis an digitiú, saorghluaiseacht seirbhísí airgeadais sa mhargadh aonair a fheabhsú a thuilleadh, rud a chruthóidh cothrom iomaíochta do ghníomhaíochtaí comhchosúla agus do rioscaí comhchosúla i measc na n-oibreoirí éagsúla.